Creidim duit, a Dhé nimhe

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 37]

Aithrighe

1 Creidim duit a Dhé nimhe
cóir dúinn déanamh aithrighe
bím i leith guidhe do ghrás
dom breith ón uile uathbhás.

2 Peacach mé nach maith tuigse
mó sa chách mo chéadfaidh-se
ag cur rúin peacaidh i bpréimh
decair dúin dul [i ndí-chéill].

3 Ag seo dhuit a Dhé Athar
peacach as mhór mearachadh
tabhair adhradh an iúil dó
a sdiúir m'anman a Íosa.

4 [A] Spiorad naomhtha [neart-mhór]
beir m'anam ón éigceart-ghlór
a Rí mothuigh mo mhearbhal
cothuigh im chlí do cheileabhradh.

5 A ghrádh m'inntinne 's m'anma
glan m'aithrighe 's m'urlabhra
a Dhé nimhe fhoirbhthe óig
im chridhe toirche a Thríonóid.

6 Sirim ort d'éis do chaithmhe
a abhlainn bhláith bheannaighthe
léd chaitheamh a chuirp an Ríogh
maitheamh m'uilc agus m'ain-ghníomh.

7 Im cholainn chriadh ó taoi is-tigh
a chuirp chréachtaigh Dhé dhúiligh
glan an truaill-se i bhfuile féin
a uaisle fhuile an fhíréin.

8 Galar trom is teinneas síor
dá ní as dual d'fhear m'ainghníomh
mo chalann acht gé [bhé] i mbraid
m'anam a Dhé ná dearmaid.

9 Foghluidh Dé 's mo cholann chriadh
dá námhaid m'anma ar aoin-rian

gabh a Spiorad naomh léd neart
[a] n-ionad ar-aon d’oighreacht.

10 Maor tréan an tighe neamhdha
Míchéal uasal oireaghdha
dual dóigh as a dhaingean [sin]
don aingeal is cóir [creidimh]. CREIDIM